

# Ár bhFeidhmíocht

## Ag Amharc Siar, Ag Dul chun Tosaigh



Comhairle Ceantair  
an Iúir, Mhúrn  
agus an Dúin  
**Newry, Mourne  
and Down**  
District Council







San Acht Rialtais Áitiúil (TÉ) 2014 leagtar amach dualgas ginearálta feabhsaithe do rialtas áitiúil, trína gcaithfidh gach Comhairle Ceantair socruithe a dhéanamh lena chinntiú go mbeidh feabhsú leanúnach i bhfeidhmiú a gcuid feidhmiúchán.

## Ag Amharc Siar Measúnú ar Fheidhmíocht 2018-19

Gach bliain, éilítear orainn Measúnú ar Fheidhmíocht a fhoilsiú lena léiriú ar baineadh amach na feabhsaithe a pleanáladh. Sa Mheasúnú ar Fheidhmíocht leagtar amach dul chun cinn na Comhairle i seachadadh na rudaí a leanas:





- Plean Corparáideach 2015-19
- Plean Feabhsaithe Feidhmíochta 2018-19 (lena léirítear na tascairí agus na caighdeáin feidhmíochta reachtúla)

























Rinneadh ár bhfeidhmíocht a rianú le taobh spriocanna socruithe agus treochtaí thar thréimhse ama, trí úsáid a bhaint as an eochair eolais thíos.

| Staid   |   | Treocht   |   |
|---|---|---|---|
|    | Spríoc nó cuspóir bainte amach / ar an bhóthar cheart le bheith bainte amach                |    | Tháinig feabhas ar feidhmíocht ón bhliain roimhe  |
|  | Baineadh cuid den spríoc nó den chuspóir amach/ is dócha go mbainfear amach é /tá moill air |  | Tá an feidhmíocht cosúil leis an bhliain roimhe   |
|  | Níor baineadh an spríoc nó an cuspóir amach / ní dócha go mbainfear amach é                 |  | Tháinig meath ar an feidhmíocht ón bhliain roimhe |

# Spléachadh Gasta ar Fheidhmíocht

Plean Corparáideach 2015-19: Léargas ar na ceithre bliana roimhe seo:



| Tosaíocht Chorporáideach   | Dul Chun Cinn   | Staid Treocht |
|--|---|---------------|
| <b>A bheith ar na príomhchinn scríbe turasóireachta in Éirinn</b><br>           | Straitéis Turasóireachta á cur i bhfeidhm   | 😊             |
|  | Méadú 11% ar líon na dturasóirí   | △             |
|  | Méadú 44% ar chaiteachas turasóirí  | △             |
|  | Méadú 22% ar líon na ndaoine ag fanacht thar oíche  | △             |
| <b>Infheistíocht a mhealladh agus tacú le poist nua a chruthú</b><br>         | 805 post nua curtha chun cinn agus tacaíocht tugtha do 776 tionscnamh gnó nua trí ghníomhaíocht tionscnaimh nua   | 😊             |
|  | Conradh cathrach do réigiún Bhéal Feirste déanta  | 😊             |
|  | Laghdú 43% ar líon na n-éilitheoirí ar Liúntas Cuardaitheoirí Poist   | △             |
|  | Comhshocrú faoi mhalartú cairdiúil i bhfeidhm le Cathair Changchun na Síne  | 😊             |
|  | Comhairliúchán ar an Pháipéar um Roghanna Tosaíochta don Phlean Forbartha Áitiúil curtha i gcrích   | 😊             |
| <b>Tacú le torthaí feabhsaithe sláinte agus folláine</b><br>                  | Ionaid Fóillíochta an Iúir agus an Dúin oscailte  | 😊             |
|  | Cur i bhfeidhm Straitéisí Áiseanna Spóirt agus Súgartha ar siúl   | 😊             |
|  | Méadú 23% ar na tinrimh ag áiseanna fóillíochta na Comhairle  | △             |
|  | 3 pháirc shúgartha oscailte, 1 pháirc shúgartha athraithe agus 13 pháirc uasghrádaithe  | 😊             |
| <b>Ár dtimpeallacht nádúrtha agus ar dtimpeallacht thógtha a chosaint</b><br> | Láithreáin líonadh talún in Achadh na nGabhann agus Drumnakely druidte  | 😊             |
|  | Méadú 12.3% ar an ráta athchúrsála, go dtí 51.2%*   | △             |
|  | Laghdú 88.7% ar an méid dramhaíola ag dul chuig líonadh talún*  | △             |
|  | Laghdú 21% ar dhramhaíl ó bhoscaí bruscair dubha, méadú 9% ar dhramhaíl ó bhoscaí bruscair gorma agus méadú 119% ar dhramhaíl ó bhoscaí bruscair donna* | △             |




|   |  |   |
|---|--|---|
|   | Cóir chosanta tuile an locha i gCamloch críochnaithe   |    |
| <b>Athnuachan ár gceantar uirbeach agus tuaithe a stiúradh</b><br>   | Athchóiriú Pháirc Bhaile an Phointe curtha i gcrích  |    |
|   | Cúig Mháistirphlean á gcur i bhfeidhm  |    |
|   | Scéim feabhsaithe agus athbheochana timpeallachta i nDún Pádraig, ar an Iúr agus ar an Phointe curtha i gcrích |    |
|   | Feabhas 16.8 seachtaine curtha ar am próiseála d'iarraais phleanála áitiúla                                    |    |
|   | Méadú 20.1 seachtain ar am próiseála do mhóirarratais phleanála  |    |
| <b>Tacú leat go háirithe maidir leis na rudaí atá tábhachtach agat</b><br>  | Bhain an tIúr, Múrn agus an Dún stádas aoisbháuil amach ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte                     |    |
|   | Méadú 10% ar áitribh le leathanbhanda fíorghasta, go dtí 83%   |    |
|   | £15m bronnta ar Chuibhreannas FFNI le hinfreastruchtúr digiteach a fheabhsú**                                  |   |
|   | Athbhreithniú ar struchtúir phleanála pobail curtha i gcrích   |  |
| <b>Achmhainn ár bpobal a chumasú agus a fheabhsú</b><br>   | Plean Pobail á chur i bhfeidhm   |  |
|   | Seacht bhFóram Toghcheantair bunaithe agus Pleananna Gníomhaíochta áitiúla á seachadadh                        |  |
|   | Athbhreithniú ar ionaid phobail curtha i gcrích  |  |
|   | £4.5m bronnta ar 1,377 iarratas tríd an Scéim Um Chúnamh Airgid  |  |
|   | Méadú 27% i líon na n-iarratas rathúil sa Scéim Chúnamh Airgeadais   |  |
| <b>An Chomhairle a athrú ó bhonn agus a nuachóiriú, ag tabhairt seirbhísí inrochtana agus luach ar airgead</b><br> | 87% d'áitritheoirí sásta leis an Chomhairle  |  |
|   | 75% d'áitritheoirí a chreideann gur áit mhaith le cónaí ann an t-Iúr, Múrn agus an Dún                         |  |
|   | Laghódú 1.25 lá ar neamhláithreacht fostaithe  |  |
|   | Comhlíonadh ar an Dualgas Feabhsaithe reachtúil  |  |
|   | Gan dul chun cinn déanta ar chreidiúnú IIP / CSE   |  |

\*Tá na figiúirí faoin dramhaíl sealadach agus dearbhóidh DAERA iad in Q3 2019-20.

\*\*FFNI: Ostálann Comhairle Ceantair an Iúir, Múrn agus an Dúin Cuibhreannas Full Fibre Northern Ireland.

Plean Feabhsaithe Feidhmíochta 2018-19: Léargas ar an bhliain atá thart:

| Cuspóir Feabhsaithe Feidhmíochta   | Dul chun cinn   | Staid Treocht |
|--|---|---------------|
| <p><b>Stíleanna sláintiúla maireachtála a spreagadh trí pháirt níos mó a ghlacadh i ngníomhaíochtaí fóillíochta, spóirt agus áineasa</b></p>    | Méadú 11% ar thinrimh ar áiseanna fóillíochta na Comhairle  | △             |
|  | Méadú 20% ar thinrimh ar Ionad Fóillíochta an Iúir  | △             |
|  | Sásamh custaiméirí ag 73.5% ar fud áiseanna fóillíochta na Comhairle  | 😊             |
|  | Athbhreithniú críochnaithe ar áiseanna fóillíochta taobh amuigh   | 😊             |
|  | Ghlac 2,177 páiste agus duine óg páirt i dtionscnaimh Shúgradh Pobail agus i Scéimeanna Samhraidh *             | 😊             |
|  | Seoladh Plean Gníomhaíochta, Chur chun Cinn agus Forbartha  | 😊             |
| <p><b>Fás eacnamaíoch a fheabhsú trí thionscnaimh ghnó nua a chruthú, trí thacú le gnólachtaí atá ann cheana agus tríd an Iúr, Múrn agus an Dún a chur chun cinn mar phríomhcheann scribe turasóireachta</b></p>  | 184 post nua curtha chun cinn agus tacaíocht tugtha do 204 tionscnamh gnó nua trí ghníomhaíocht tionscnaimh gnó | 😊             |
|  | £2.3m faighte le hinfheistiú in Áth na Long, Ard Ghlais agus Cill Chaoil  | 😊             |
|  | Mheall ár gcúig Ollfhéile Eachtraíochta 113,500 cuairteoir agus ghin siad £3m, meastar, don gheilleagar áitiúil | 😊             |
|  | Tá glasbhealach Loch Cairlinn idir an Chora agus Loc Victoria oscailte  | 😊             |
|  | Tá iarratas ar siúl le stádas Gheopháirc Dhomhanda EOECA a fháil  | 😊             |
|  | Laghdú ar líon na gcuariteoirí agus ar chaiteachas  | ▽             |
| <p><b>Tionscnaimh do Athnuachan uirbeach agus tuaithe a sheachadadh lena gcruithófar Ceantar inar mhaith le daoine cónaí, oibriú</b></p>   | Pleananna Gníomhaíochta AONB do Fháinne Cnoc Shliabh gCuilinn agus Loch Cuan agus Leath Cathail á seachadadh    | 😊             |
|  | Seirbhís bus dhéanach ar siúl ar bhonn píolótach idir an tIúr, Cros Mhic Lionnáin agus Cill Chaoil              | 😊             |
|  | Iarratais phleanála curtha isteach do na 7 scéim feabhsaithe timpeallachta a aithníodh sna Pleananna Baile      | 😊             |

|   |  |   |
|---|--|---|
| <b>agus infheistiú a dhéanamh</b><br>                                  | Laghdú 7% ar an chéatadán de chásanna forfheidhmithe pleanála a próiseáladh taobh istigh de 39 seachtain   | ▽   |
|   | Méadú 1 seachtaine ar am próiseála d'iarraitais phleanála áitiúla  | ▷   |
| <b>Ceantar níos glaine, níos glaise, níos tarraingtí a chruthú</b><br> | Méadú 5.1% ar an ráta athchúrsála**  | △   |
|   | Laghdú 29.4% ar an méid dramhaíola a théann chuig líonadh talún**  | △   |
|   | Laghdú 11% ar dhramhaíl ó channaí bruscair dubha, méadú 5% ar dhramhaíl ó channaí bruscair gorma agus méadú 26% ar dhramhaíl ó channaí bruscair donna **   | △   |
|   | Caighdeánú déanta ar bhailiú gloine i gcannaí bruscair gorma ar fud an Cheantair   | 😊   |
|   | Moill ar Ionad Athchúrsála Dhramhaíl Tí Dhún Pádraig   | 😞   |
|   | Méadú ó 66 go 72 ar an scór do ghlaimeacht sráide  | △   |
|   | Cuidiú tugtha do 100 glanadh suas pobail   | 😊   |
|   | <b>Pobail áitiúla a spreagadh agus a chumasú le páirt a ghlacadh i struchtúir agus i dtionscnaimh rannpháirtíochta na Comhairle</b><br> | Ionadaíocht shuntasach ón earnáil phobail, ón earnáil dheonach agus ón earnáil ghnó ar struchtúir rannpháirtíochta na Comhairle |
| Corradh le £1.5m bronnta ar 447 tionscadal tríd an Scéim um Chúnamh Airgid  |  | 😊   |
| Clúdaíonn 175 Scéim Faire Comharsanachta 6,000 teach cónaithe ar fud an Cheantair   |  | 😊   |
| 5,745 deis curtha i 637 teach tríd an Scéim 'Teach Slán'  |  | 😊   |
| Mothaíonn 94% d'áitritheoirí slán i rith an lae agus mothaíonn 87% slán i ndiaidh thitim na hoíche  |  | 😊   |
| Maoiniú tugtha do 21 tionscadal pobail trí dhá scéim buiséadaithe rannpháirtíochta  |  | 😊   |

\*Seans go gclúdaítear ath-thinrimh sna Scéimeanna Súgartha Pobail agus sna Scéimeanna Samhraidh.

\*\*Tá na figiúirí faoin dramhaíl sealadach agus dearbhóidh DEARA iad in Q3 2019-20.

## Ag Dul chun Tosaigh

### Plean Corparáideach 2019-23

Faoi láthair tá Plean Corparáideach 2019-23 á fhorbairt againn ina dtabharfar an treo staitéiseach don eagraíocht le linn dara téarma na Comhairle. Foilseofar an plean nua go luath in 2020.

### Cuspóirí Feabhsaithe Feidhmíochta 2019-20

Gach bliain, tá dualgas orainn cuspóirí feabhsaithe feidhmíochta a shocrú do na seirbhísí a chuirimid ar fáil, agus socruithe a bheith i bhfeidhm againn leis na cuspóirí sin a bhaint amach. Thug an Chomhairle ar aghaidh chuig 2019-20 na cúig chuspóir feabhsaithe feidhmíochta atá ann faoi láthair, agus rinneadh nuashonrú ar na gníomhartha agus na bearta a thacaíonn le gach cuspóir, mar a fheictear san achoimre thíos. Tá d'aidhm ag na cuspóirí seo tabhairt faoi na ceisteanna is tábhachtaí ag muintir na háite, agus tá siad:

|  |   |
|--|---|
| Nasctha leis an Phlean Pobail, an Plean Corparáideach agus Pleananna Gnó Stiúirthóireachta | ✓ |
| Bunaithe ar eolas faoin fheidhmíocht atá ann faoi láthair                                  | ✓ |
| Ag teacht le seacht ngné straitéiseacha an fheabhsaithe                                    | ✓ |
| Bunaithe ar chomhairliúchán agus rannpháirtíocht páirtithe leasmhara                       | ✓ |

#### Cuspóir 1

#### Stíleanna sláintiúla maireachtála a spreagadh trí pháirt níos mó a ghlacadh i ngníomhaíochtaí fóillíochta, spóirt agus áineasa

##### Na rudaí a dhéanfaimid:

- Cuirfimid feabhas ar eispéireas na gcustaiméirí ag na háiseanna fóillíochta uilig agus tabharfaimid faoi Shuirbhéanna Sásaimh Custaiméara ag suíomhanna roghnaithe
- Déanfaimid áiseanna spóirt atá ann faoi láthair a uasghrádú agus a fheabhsú tríd an Straitéis Áiseanna Spóirt a chur i bhfeidhm
- Déanfaimid deiseanna súgartha seasta agus neamhsheasta a sholáthar agus a fheabhsú tríd an Straitéis Súgartha a chur i bhfeidhm
- Meallfaimid páistí agus daoine óga le bheith páirteach i Súgradh Pobail agus i dtionscnaimh shláinte agus folláine eile
- Trí Gach Duine Gníomhach 2020, cuirfimid deiseanna ar fáil d'áitritheoirí a bheith páirteach i ngníomhaíocht fhisiciúil
- Smaoinimid ar dhóigheanna éagsúla le cur le forbairt páirce ag Báisín Ailbhe, an tIúr

## Cuspóir 2

### Fás eacnamaíoch a fheabhsú trí thacú le gnólachtaí atá ann cheana agus tríd an Iúir, Múrna agus an Dún a chur chun cinn mar phríomhcheann scríbe turasóireachta

#### Na rudaí a dhéanfaimid

- Cuirfimid chun cinn 155 post nua agus tacóimid le 205 tionscnamh gnó nua
- Tacóimid le gnólachtaí agus fiontair shóisialta áitiúla a bhunú agus a fhorbairt
- Tacóimid le poist nua agus gnólachtaí nua a bhunú i gCill Chaoil, in Áth na Long agus in Ard Ghlais
- Cuirfimid chun cinn Conradh Cathrach Réigiún Bhéal Feirste trí Chásanna Imlíneacha Gnó a fhorbairt le hathbheochan a dhéanamh ar Chathair an Iúir, ar áiteanna a mbíonn tóir orthu sna Beanna Boirche agus ar thionscnaimh 'scileanna agus infhostaitheachta' agus 'nascthachta digití'
- Cuirfimid isteach iarratas ar stádas Geopháirce Domhanda do na Beanna Boirche agus Fáinne Cnoc Shliabh gCuilinn faoi Shamhain 2019
- Seolfaimid an Straitéis Ealaíon, Cultúir agus Oidhreachta le páirtíocht i ngníomhartha a mhéadú
- Eagróimid na cúig hOllfhéile Eachtraíochta ar fud an Cheantair

## Cuspóir 3

### Tionscnaimh d'athbheochan uirbeach agus tuaithe a sheachadadh lena gcruthófar Ceantar inar mhaith le daoine cónaí, oibriú agus infheistiú a dhéanamh

#### Na rudaí a dhéanfaimid

- Cuirfimid chun cinn oidhreacht chultúrtha Pháirc Bhaile an Phointe
- Oibreoidimid le Roinn na bPobal le tús a chur le céim III de scéim feabhsaithe timpeallachta Shráid an Chnoic an Iúir
- Cuirfimid i gcrích na céimeanna deireanacha de Mháistirphlean Fhoirceall
- Tabharfaimid faoi 7 scéim feabhsaithe timpeallachta a sheachadadh agus comharthaíocht tairsí a aithníodh sna Pleananna Baile
- Cuirfimid tús leis na hoibreacha caipitiúla ag Diméin Dhoire Mhóir
- Oibreoidimid i gcomhpháirt leis na Ranna cúí le nascthacht dhigiteach a fheabhsú ar fud an Cheantair
- Cuirfimid feabhas ar na tréimhsí próiseála d'iarratais phleanála agus cásanna forfheidhmithe

## Cuspóir 4

### Ceantar níos glaine, níos glaise, níos tarraingtí a chruthú

#### Na rudaí a dhéanfaimid

- Méadóimid páirtíocht an phobail i bhfeachtais áitiúla ghlantacháin agus tacóimid léi
- Rachaimid i ngleic le ceisteanna maidir le salú ag madraí, caitheamh bruscair agus dumpáil neamhdhleathach
- Feabhsóimid leibhéal ghlaineacht na sráideanna ar fud an Cheantair



- Cuirfimid le feacht an pobail ar an drochthionchar atá ag coireacht timpeallachta ar an tábhacht atá le hathchúrsáil
- Méadóimid ráta na hathchúrsála go dtí 50% faoi 2020 agus leanfaimid ar aghaidh ag laghdú an méid dramhaíola a théann go dtí líonadh talún
- Osclóimid Ionad Athchúrsála Dramhaíola Tí Dhún Pádraig in Q2 2019-20
- Déanfaimid athbhreithniú ar Ionaid Athchúrsála Tí maidir le bealach isteach agus úsáid

## Cuspóir 5

### **Pobail áitiúla a spreagadh agus a chumasú le páirt a ghlacadh i struchtúir agus i dtionscnaimh rannpháirtíochta na Comhairle**

#### **Na rudaí a dhéanfaimid**

- Neartóimid leibhéal na gníomhaíochta agus na rannpháirtíochta i gcomhpháirtíochtaí na Comhairle, lena n-áirítear Fóram an Toghcheantair agus Comhpháirtíochtaí Athbheochana Comharsanachta
- Cuirfimid chun cinn na Scéimeanna 'Neighbourhood Watch', 'Good Morning, Good Neighbour' agus 'Home Secure'
- Tríd an Scéim Chúnamh Airgeadais, tacóimid le grúpaí pobail le tionscadail a sheachadadh i bpríomhréimsí lena n-áirítear féilte, forbairt spóirt agus caidreamh maith
- Meallfaimid grúpaí chuig tionscnaimh Chomhairle, lena n-áirítear daoine óga, daoine níos sine agus pobail de mhionlach eitneach agus an pobal dubh
- Dearfaimid agus seachadfaimid tuilleadh scéimeanna 'buiséadaithe rannpháirtíochta'

## **Tabhair do bharúil féin**

Ba mhór linn d'aischothú agus do mholtaí ar an dóigh a bhféadfaí seirbhísí na Comhairle a fheabhsú amach anseo. Is féidir cóipeanna iomlána de na doiciméid a leanas a íoslódáil ón tsuíomh gréasáin s'againn [www.newrymournedown.org](http://www.newrymournedown.org) mar a leanas:

- **Plean Feabhsaithe Feidhmíochta 2019-20**
- **Measúnú ar Fheabhsú 2018-19**

Le tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le :

Kate Bingham

Ceannasaí Feidhmíochta agus Feabhsúcháin

Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin

Teach Uí Ágáin

Rae Mhuineacháin

An tIúr

Co an Dúin

BT35 8DJ

Guthán: 0300 013 2233 / R-phost: [kate.bingham@nmandd.org](mailto:kate.bingham@nmandd.org)

Tá an doiciméad seo ar fáil i bhformáid eile má iarrtar a leithéid.